An Chailleach Ghránna le Gabriel Rosenstock

1. Luaigh dhá shaghas ainmhí atá le feiceáil san fhíseán seo.
Tá uainíní, gamhna agus coiníní le feiceáil san fhíseán.

2. Cén mhí atá i gceist?
Deireadh Fómhair atá i gceist.

3. Cén fáth a sciobfaidh an Chailleach Ghránna na páistí?
Sciobfaidh an Chailleach na páistí má bhíonn siad dána.

4. Cén dath atá ar an gCailleach Ghránna?
Tá dath glas ar an gCailleach.

5. Déan cur síos ar an gCailleach seo.
Tá srón fhada uirthi agus súile glasa aici. Tá sí ag caitheamh hata agus gúna dubh.

6. Cén sórt duine í, an gceapann tú?
Duine gránna, cruálach, suarach, crosta í.

7. Cad a itheann sí don bhricfeasta?
Itheann sí péistíní is cúpla frog don bhricfeasta.

8. Cad a dhéanann sí leis na seilidí?
Siúlann sí ar na seilidí.

9. Cén fáth a dtaitníonn na seilidí léi?
Taitníonn na seilidí léi mar go bpléascann siad go bog.

10. Cad a dhéanfaidh an Chailleach leis na páistí má sciobann sí iad?
Siúlfaidh sí ar na páistí.

11. An mbeidh na páistí dána?
Ní bheidh na páistí dána.

© An Comhlacht Oideachais